Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Eanáir 2022
(OR. en)

13484/21

LIMITE

JUR 613
SOC 631
EMPL 473
ANTIDISCRIM 96
GENDER 110
SAN 648
FREMP 254
ILO 2

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011(NLE)**

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le Coinbhinsiún 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Foréigean agus Ciapadh<br>– inniúlacht an Aontais an Coinbhinsiún a dhaingniú |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 22 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún síos togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, maidir le codanna den choinbhinsiún ('Togra ón gCoimisiún' nó 'Togra').[2]

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

[2] COM(2020)24 final. Is é seo an chéad ghníomh dlí de chuid an Aontais atá beartaithe ag an gCoimisiún i ndáil le Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) Uimh. 190. Níor thíolaic an Coimisiún moladh tús a chur le caibidlíocht ar an gCoinbhinsiún seo chun leas an Aontais, ná togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir lena shíniú. Ghníomhaigh an Coimisiún, mar sin féin, mar chomhordaitheoir ar sheasaimh na mBallstát le linn na caibidlíochta. Bhí sé ina chathaoirleach ar chruinnithe comhordúcháin inmheánacha an Aontais agus bhí ról gníomhach aige i sainiú na seasamh comhaontaithe atá le glacadh.

2. Rinneadh plé trí huaire ar an togra ón gCoimisiún sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta.[3] Tar éis na bpléití sin, d'athbhreithnigh an Uachtaránacht an téacs[4], agus phléigh Coreper trí huaire é.[5]

3. Tar éis iarraidh a fháil ó roinnt toscaireachtaí ag cruinniú Coreper an 18 Nollaig 2020, d'iarr an Uachtaránacht ar Sheirbhís Dlí na Comhairle anailís a dhéanamh ar inniúlachtaí an Aontais i ndáil leis an gCoinbhinsiún um Fhoréigean agus Ciapadh, 2019, Uimh. 190[6] ('an Coinbhinsiún'), agus na bealaí chun tosaigh atá inmharthana ó thaobh an dlí de a shainaithint maidir lena dhaingniú. Is freagairt ar an iarraidh sin an tuairim seo. Cuirtear san áireamh inti Tuairim 1/19 ón gCúirt Bhreithiúnais maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl le déanaí, atá ar feitheamh ó 2019 agus a seachadadh an 6 Deireadh Fómhair 2021[7].

## II. COMHTHÉACS

4. Ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair an Coinbhinsiún i mí an Mheithimh 2019, ag an 108ú seisiún (céad bliain) dá cuid, mar aon le Moladh Uimh. 206.[8]

5. Is é an Coinbhinsiún an chéad ionstraim idirnáisiúnta ina leagtar amach caighdeáin chun dul i ngleic le foréigean agus ciapadh oibre. Tá na 20 airteagal ann roinnte ina 8 gcaibidil. Sainítear i gCaibidlí I agus II raon feidhme an chur i bhfeidhm, agus leagtar amach na croíphrionsabail i gCaibidil III. Tá príomhfhorálacha oibriúcháin an Choinbhinsiúin le fáil i gCaibidil IV agus pléann siad le saincheist na cosanta agus le cosc foréigin agus ciaptha i saol na hoibre. Foráiltear i gCaibidil V do bhearta maidir le forfheidhmiú agus leigheasanna. Tugtar aghaidh ar ardú feasachta i gCaibidil VI, sonraítear i gCaibidil VII na modhanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun forálacha an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm, agus tá forálacha i gCaibidil VIII maidir lena dhaingniú agus lena theacht i bhfeidhm.

---

[3] An 4 Feabhra, an 18 Feabhra agus an 4 Márta 2020.
[4] 6533/20.
[5] An 11 Márta agus an 9 agus an 18 Nollaig 2020.
[6] https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_EIS_CODE:C190
[7] Tuairim ón gCúirt an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, AE:C:2021:832. Féach freisin nóta faisnéise JUR in 13800/21 an 11 Samhain 2021 maidir leis an tuairim sin ón gCúirt.
[8] https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:12100:0::NO::P12100_EIS_CODE:R206



PUBLIC

6. I mí Dheireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle sraith conclúidí lena gcuirtear Dearbhú Céad Bliain EIS chun cinn agus d'iarr sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach ' *cur le hiarrachtaí agus beart iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le Dearbhú Céad Bliain EIS chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:* (…) *an foréigean agus an ciapadh i saol na hoibre a dhíothú*.'[9]

7. Agus é seo a scríobh, lean deichniúr Comhaltaí de EIS ar aghaidh leis an gCoinbhinsiún a dhaingniú.[10] Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 25 Meitheamh 2021.

8. De réir bhunreacht EIS, ní féidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail an tAontas) a bheith ina bpáirtí san EIS. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Aontas a inniúlacht maidir le coinbhinsiúin EIS a fheidhmiú ach amháin le daingniú ag a Bhallstáit, atá údaraithe gníomhú chun leas an Aontais.[11]

PUBLIC

---

9 Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí na hOibre: Dearbhú Céad Bliain EIS á chur chun cinn ag an Aontas Eorpach, an 25 Deireadh Fómhair 2019, 13436/1/19 REV 1.

10 https://www.ilo.org/dyn/normlex/en/f?p=NORMLEXPUB:11300:0::NO::P11300_INSTRUMENT_ID:3999810.

11 Féach Tuairim an 19 Márta 1993, *EIS*, 2/91, AE:C:1993:106, mír 5.

Ó bhí 2005 ann, tá údarás tugtha ag an gComhairle do na Ballstáit cúig Choinbhinsiún de chuid EIS[12] a dhaingniú chun leas an Aontais chomh maith le Prótacal EIS amháin, Prótacal ar tháinig codanna de faoi réimsí inniúlachta an Aontais.[13]

9. Déantar anailís sa tuairim seo ar cé acu atá nó nach bhfuil inniúlacht ag an Aontas i ndáil leis an gCoinbhinsiún, ar a mhéid atá an inniúlacht sin aige agus ar chineál na hinniúlachta sin de chuid an Aontais (Roinn III). Bunaithe ar thoradh na hanailíse sin, scrúdaítear sa tuairim seo freisin na roghanna atá inmharthana ó thaobh an dlí de chun leanúint le daingniú an Choinbhinsiúin (Roinn IV).

PUBLIC

---

[12] Cinneadh 2005/367/CE ón gComhairle an 14 Aibreán 2005 lena n-údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún maidir le Doiciméid Chéannachta Maraithe, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún 185), a dhaingniú chun leas an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 136/1 an 30.5.2005; Cinneadh 2007/431/CE ón gComhairle an 7 Meitheamh 2007 lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, 2006, a dhaingniú chun leas an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 161/63 an 22.6.2007; Cinneadh 2010/321/AE ón gComhairle an 7 Meitheamh 2010 lena n-údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún maidir le hObair san Iascaireacht, 2007, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún Uimh. 188), a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L 145/12 an 11.6.2010; Cinneadh 2014/52/AE ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 lena n-údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún maidir le Sábháilteacht in Úsáid Ceimiceán ag an Obair, 1990, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún Uimh. 170), a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L 32/33 an 1.2.2014; Cinneadh 2014/51/AE ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 lena n-údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún maidir le hobair chuibhiúil d'oibrithe tí, 2011, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiún Uimh. 189), a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L 32/33 an 1.2.2014.

[13] Cinneadh (AE) 2015/2071 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do na Ballstáit Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais ,1930, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, a mhéid a bhaineann Airteagail 1 go 4 den Phrótacal maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L 301/47 an 18.11.2015; Cinneadh (AE) 2015/2037 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do na Ballstáit Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais, 1930, de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, maidir le hábhair a bhaineann le beartas sóisialta, a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L 298/23 an 14.11.2015.

## III. ANAILÍS DHLÍTHIÚIL AR INNIÚLACHT AN AONTAIS I NDÁIL LEIS AN GCOINBHINSIÚN

### A. TÁSTÁLACHA DLÍTHIÚLA DON ANAILÍS

#### 1. Inniúlacht de chuid an Aontais a bheith ann

10. De réir phrionsabal na tabhartha a leagtar síos in Airteagal 5 CAE, ní féidir leis an Aontas gníomhú ach laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí arna dtabhairt ag na Ballstáit dó sna Conarthaí.

11. Tá inniúlacht ag an Aontas comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích sna ceithre chás a leagtar amach in Airteagal 216 CFAE.[14] I gcás an Choinbhinsiúin, ós rud é nach bhforáiltear go sonrach dá thabhairt i gcrích sna Conarthaí ná i ngníomh de chuid an Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí, is féidir leis an Aontas inniúlacht sheachtrach a bheith aige chun é a thabhairt i gcrích nuair '*is gá (sin a dhéanamh) d'fhonn ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú*', nó más dóigh dá thabhairt i gcrích '*difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú*.'

12. Ní dian an triail dhlíthiúil a chuir an Chúirt i bhfeidhm maidir le critéar an ghá atá le ceann de chuspóirí an Chonartha a ghnóthú. Shoiléirigh an Chúirt, nuair is gá comhaontú a thabhairt i gcrích '*d'fhonn ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú faoi chuimsiú bheartais an Aontais*', i gcás inniúlacht sheachtrach de chuid an Aontais a bheith ann '*níl sí faoi réir aon choinníoll a bhaineann le rialacha de chuid an Aontais a ghlacadh roimh ré, ar dóigh go ndéanfar difear dóibh*.'[15]

---

14 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 216(1) CFAE: '*Féadfaidh an tAontas comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó má fhoráiltear amhlaidh sna Conarthaí nó nuair is gá comhaontú a thabhairt i gcrích d'fhonn ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú faoi chuimsiú bheartais an Aontais, nó má fhoráiltear do chomhaontú a thabhairt i gcrích i ngníomh Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí nó más dóigh do chomhaontú a thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú*.'

15 Breithiúnas an 5 Nollaig 2017, *an Ghearmáin v an Chomhairle (OTIF)*, C- 600/14, AE:C:2017:935, míreanna 52 agus 67.



PUBLIC

Thairis sin, mheas an Chúirt gur comhlíonadh coinníoll an ghá chun cuspóir Conartha a ghnóthú ar an mbonn gur cinneadh gur rannchuidigh feidhmiú gníomhaíochta seachtraí le cuspóir de chuid na gConarthaí.[16]

13. Ní gá an ceathrú critéar a bhreithniú a thuilleadh faoin bpointe seo, a bhaineann leis an gcumas difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú. Tá an critéar sin mar chuid den tástáil dhlíthiúil ar chineál inniúlacht an Aontais freisin, agus tabharfar aghaidh air anseo thíos.

PUBLIC

## 2. Cineál inniúlacht an Aontais

14. A mhéid atá inniúlacht sheachtrach ag an Aontas, d'fhéadfadh an inniúlacht sin a bheith eisiach nó comhroinnte leis na Ballstáit.

15. I gcás na réimsí a thagann faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, ní fhéadfaidh na Ballstáit gealltanais idirnáisiúnta a thabhairt lasmuigh de chreat institiúidí an Aontais, ach amháin má chumhachtaíonn an tAontas amhlaidh iad (Airteagal 2(1) CFAE).[17]

Os a choinne sin, i gcás na réimsí a chumhdaítear le hinniúlachtaí an Aontais nach bhfuil eisiach ach comhroinnte, tá lánrogha ag an gComhairle maidir lena mhéid is atá an inniúlacht ionchasach sin le feidhmiú ag an Aontas.[18] A mhéid nach bhfeidhmíonn an tAontas inniúlacht chomhroinnte, féadfaidh na Ballstáit leanúint dá n-inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú (Airteagal 2(2) CFAE).

[16] Breithiúnas *OTIF*, C-600/14, a luaitear thuas, mír 60.

[17] Tuairim an 19 Márta 1993, *EIS*, 2/91, a luaitear thuas, míreanna 25 agus 26; breithiúnas an 5 Samhain 2002, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-471/98, AE:C:2002:628, mír 95; breithiúnas an 31 Márta 1971, *an Coimisiún v an Chomhairle (ERTA)*, C-22/70, AE:C:1971:32, mír 22; breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2014, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-114/12, AE:C:2014:2151, míreanna 66 agus 67; breithiúnas an 20 Samhain 2018, *an Coimisiún v an Chomhairle (Weddell Sea)*, cásanna uamtha C-626/15 agus C-659/16, AE:C:2018:925, mír 111.

[18] Féach, *inter alia*, breithiúnas *OTIF*, C-600/14, a luaitear thuas, mír 68; breithiúnas *Weddell Sea,* cásanna uamtha C-626/15 agus C-659/16, a luaitear thuas, míreanna 126-127; breithiúnas an 30 Bealtaine 2006, *an Coimisiún v Éire,* C-459/03, AE:C:2006:345, míreanna 95-96.

16. Maidir leis an gCoinbhinsiún, ní mór a thabhairt ar aird nach mbaineann aon cheann de na forálacha de le hábhair a mbeadh inniúlacht eisiach *a priori* ag an Aontas ina leith mar a liostaítear in Airteagal 3(1) CFAE.[19] Dá bhrí sin, a mhéid atá inniúlacht sheachtrach ag an Aontas, ní féidir a chineál eisiach a bheith ann ach amháin mar thoradh ar Airteagal 3(2) CFAE.[20] I gcás an Choinbhinsiúin, dealraíonn sé nach ábhartha ach an tríú hipitéis a leagtar amach in Airteagal 3(2) CFAE. Dá réir sin, tagann forálacha an Choinbhinsiúin faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a mhéid '*ar dóigh* dóibh *difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.*'

PUBLIC

**17.** ''*Chun measúnú a dhéanamh ar dóigh do na (...) gealltanais (...) 'difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú', de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE, ní mór aird a thabhairt ar chásdlí socair na Cúirte ar dá réir a bhfuil an riosca sin ann i gcás ina dtagann na gealltanais sin faoi raon feidhme na* rialacha sin [de chuid an Aontais].'[21] Má chinntear go bhfuil riosca den sórt sin ann ní ghlactar leis go bhfuil na réimsí a chumhdaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta agus na réimsí a chumhdaítear le rialacha an Aontais ag teacht le chéile ina n-iomláine.[22] Chomh maith leis sin, is féidir inniúlacht eisiach an Aontais a bheith ann mar thoradh ar réimse a chumhdaítear den chuid is mó le dlí an Aontais.[23]

---

19 Foráiltear le hAirteagal 3(1) CFAE mar a leanas: '*Beidh inniúlacht eisiach ag an Aontas sna réimsí seo a leanas: (a) aontas custaim; (b) na rialacha iomaíochta is gá a bhunú d'oibriú an mhargaidh inmheánaigh; (c) beartas airgeadaíochta do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu; (d) acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh; (e) comhbheartas tráchtála*.'

20 Foráiltear le hAirteagal 3(2) CFAE mar a leanas: ''*Beidh inniúlacht eisiach freisin ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích nuair a fhorálfar dá thabhairt i gcrích i ngníomh reachtach de chuid an Aontais, nó nuair atá sé riachtanach chun a chumasú don Aontas a inniúlacht inmheánach a fheidhmiú, nó a mhéid ar dóigh dá thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do na comhrialacha nó a raon feidhme a athrú*.'

21 Tuairim an 16 Bealtaine 2017, *Singeapór*, 2/15, AE:C:2017:376, mír 180; breithiúnas *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-114/12, a luaitear thuas, mír 68; féach freisin *ERTA*, C-22/70, a luaitear thuas, míreanna 22 agus 30 agus ina dhiaidh sin.

22 Féach, *inter alia*, Tuairim an 14 Deireadh Fómhair 2014, *Coinbhinsiún na Háige*, 1/13, AE:C:2014:2303, míreanna 71-72; breithiúnas *Weddell Sea,* cásanna uamtha C-626/15 agus C-659/16, a luaitear thuas, mír 113.

23 Ní mór an measúnú sin a bhunú ar raon feidhme, ar chineál agus ar ábhar na rialacha atá i gceist. Ní foláir freisin an fhorbairt a bheidh ar dhlí an Aontais go ceann i bhfad sa réimse atá i gceist a chur san áireamh. Féach Tuairim an 14 Feabhra 2017, *Marrakech*, 3/15, AE:C:2016:657, míreanna 107-108; breithiúnas an 26 Samhain 2014, *Green Network*, C-66/13, AE:C:2014:2399, míreanna 31-33; Tuairim *Coinbhinsiún na Háige*, 1/13, a luaitear thuas, míreanna 73-74; breithiúnas *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-114/12, a luaitear thuas, mír 70; Tuairim an 7 Feabhra 2006, *Lugano*, 1/03, AE:C:2006:81, mír 126; Tuairim *EIS*, 2/91, a luaitear thuas, míreanna 22 agus 25-26.

Má chinntear, áfach, go gcumhdaítear limistéar den chuid is mó le rialacha an Aontais, ní chuirtear as an áireamh gur gá an limistéar sonrach a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún a theorannú nach mór é a scrúdú ó thaobh Airteagal 3(2) CFAE de.[24]

18. I ndáil leis sin, is é tuairim sheasta na Cúirte, ar an gcéad dul síos, '*nach féidir le hinniúlacht sheachtrach eisiach a bheith ann de thoradh inniúlachta inmheánaí ach amháin má fheidhmítear í.*'[25] Ina éagmais sin, ní féidir inniúlacht eisiach intuigthe an Aontais a bheith ann. Ní '*comhrialacha*' iad forálacha an dlí phríomha faoin tríú hipitéis a leagtar amach in Airteagal 3(2) CFAE.[26]

19. Ar an dara dul síos, ní féidir an chonclúid go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le forálacha i gcomhaontú idirnáisiúnta i gcomhréir leis an tríú hipitéis a leagtar amach in Airteagal 3(2) CFAE a shuí ach amháin ar bhonn '*anailís shonrach*', nach mór a bheith '*cuimsitheach agus mionsonraithe*' araon, ar an gcaidreamh idir an comhaontú agus rialacha an Aontais lena mbaineann.[27] Ní féidir le cur chuige ginearálta i leith na hanailíse sin caighdeáin an chásdlí a chomhlíonadh.[28]Mar a chuir an Chúirt i bhfios go láidir, is faoin bpáirtí lena mbaineann atá sé '*fianaise a chur ar fáil chun cineál eisiach na hinniúlachta seachtraí a bhfuil sé ag féachaint le brath air a bhunú.*'[29]

20. Baineann an tríú saincheist nach mór aghaidh a thabhairt uirthi i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin le cásdlí na Cúirte i dtaca le híoscheanglais. De réir an chásdlí sin, is gnách nach mbíonn aon riosca cur i gcéill ann i gcás ina socraítear íoschaighdeáin le comhaontú idirnáisiúnta i réimse nach bhforáiltear le dlí an Aontais ach an oiread ach d'íoschaighdeáin. I ndáil leis sin, meabhraítear nach féidir le EIS, faoina bhunreacht, ach íoschaighdeáin a shocrú.

---

**24** Tuairim JUR in 13795/16, mír 20.

**25** Tuairim an 24 Márta 1995, *ECFE*, 2/92, AE:C:1995:83, mír 36; Tuairim an 15 Samhain 1994, *Comhaontú EDT*, 1/94, AE:C:1994:384, mír 89.

**26** Tuairim *Singeapór*, 2/15, a luaitear thuas, mír 234.

**27** Tuairim *Lugano*, 1/03, a luaitear thuas, míreanna 124 agus 133; breithiúnas *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-114/12, a luaitear thuas, míreanna 74-75; Tuairim *Marrakech*, 3/15, a luaitear thuas, míreanna 129-132; breithiúnas *Green Network*, C-66/13, a luaitear thuas, mír 44; Tuairim *Coinbhinsiún na Háige*, 1/13, a luaitear thuas, mír 74.

**28** Chun anailís mhionsonraithe a fháil ar an gcásdlí maidir leis an tsaincheist seo, féach Tuairim JUR in 13795/16.

**29** Breithiúnas *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-114/12, a luaitear thuas, míreanna 74-75; breithiúnas *Weddell Sea,* cásanna uamtha C-626/15 agus C-659/16, a luaitear thuas, mír 115. Féach meabhrán míniúcháin thogra COM(2020)24 final, pointe 4 (leathanach 5) ón gCoimisiún, ina dtagraítear d'Airteagal 3(2) CFAE gan aon bhunús breise a bheith leis.



PUBLIC

Níor cheart, áfach, an cásdlí maidir le híoschaighdeáin a chur i bhfeidhm ar bhealach meicniúil agus ní mór scrúdú a dhéanamh féachaint an bhfuil fíor-shaoirse áirithe fágtha ag na Ballstáit faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí idirnáisiúnta araon[30]. Ní mór dlúthanailís a dhéanamh ar na forálacha ábhartha chun a chinneadh an bhfuil '*cur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhsheasmhach rialacha an Aontais agus dea-fheidhmiú an chórais a bhunaítear leo*' i mbaol.[31] Leanann an triail dhlíthiúil seo de bheith ábhartha tar éis Thuairim 1/19 ón gCúirt le déanaí.[32]

PUBLIC

## B. ANAILÍS AR AN gCOINBHINSIÚN

21. Ní shoiléirítear sa togra méid ná cineál beacht na hinniúlachta atá le feidhmiú ag an Aontas; ná ní dhéantar sin sa téacs athbhreithnithe a thíolactar do Coreper.[33]

22. Dá bhrí sin, rinne an tSeirbhís Dlí anailís ar na hinniúlachtaí a bhfuil baint acu leis an gCoinbhinsiún i bhfianaise na bparaiméadar a ndéantar achoimre orthu i roinn A thuas. Cuirtear i láthair sa tuairim seo toradh na hanailíse sin agus (i) tugtar aghaidh inti, a mhéid a bhaineann le hinniúlacht de chuid an Aontais a bheith ann, ar fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin agus (ii) déantar scrúdú ar chineál inniúlacht an Aontais i bhfianaise na gcomhrialacha atá ann cheana.

### 1. Inniúlacht de chuid an Aontais a bheith ann

23. Is é príomhaidhm an Choinbhinsiúin oibrithe agus daoine eile i saol na hoibre[34] a chosaint ar fhoréigean agus ciapadh[35] a tharlaíonn le linn na hoibre, a bhaineann léi nó a eascraíonn aisti.[36]

---

30 Tuairim JUR in 13795/16, mír 26.
31 Féach: Tuairim *Lugano*, 1/03, a luaitear thuas, míreanna 128 agus 133.
32 Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luaitear thuas. Sa tuairim uaithi, níor aontaigh an Chúirt le hAbhcóide Ginearálta Hogan, a mhol nach raibh anailís bhreise den sórt sin ag teastáil (féach Tuairim ón Abhcóide Ginearálta an 9 Márta 2021, AE:C:2021:198, mír 99). Níl aon bhreithnithe ar leith ina thaobh sin sa tuairim ón gCúirt.
33 6533/20.
34 Airteagal 2 den Choinbhinsiún.
35 Mar a shainítear in Airteagal 1 den Choinbhinsiún.
36 Airteagal 3 den Choinbhinsiún.

24. Saothraíonn an Coinbhinsiún a chuspóirí trí fhoráil do bhearta i dtaca le saincheist na cosanta agus le cosc foréigin agus ciaptha i saol na hoibre.[37] Foráiltear i gCaibidil I do shainmhíniú ina sainmhínítear an téarma ‘foréigean agus ciapadh’ ar bhealach leathan, ach ní bhaineann sé ach le ‘saol na hoibre’. Ar an gcuma chéanna, leagtar amach i gCaibidil II raon feidhme na cosanta trí thagairt do ‘oibrithe agus daoine eile i saol na hoibre’. I gCaibidil III faoi chroíphrionsabail ceanglaítear ar Chomhaltaí a bheidh ag daingniú an Choinbhinsiúin cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith chosc agus dhíothú an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre. Tá sé d’oibleagáid ar Chomhaltaí gníomhartha den sórt sin a thoirmeasc agus beartais a ghlacadh lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean agus ciapadh mar aon leis na bearta coimhdeacha atá mar bhonn taca ag aon bheartas den sórt sin, amhail sásraí faireacháin a bhunú agus foráil do leigheasanna, smachtbhannaí, tacaíocht d’íospartaigh, etc.

25. Tá na príomhfhorálacha lena ndéantar na croíphrionsabail sin a oibríochtú le fáil i gCaibidil IV (Airteagail 7 go 9) maidir le cosaint agus le foréigean agus ciapadh a chosc. Ceanglaítear le hAirteagal 7 ar Chomhaltaí foréigean agus ciapadh a shainmhíniú agus a thoirmeasc i saol na hoibre. Leagtar amach in Airteagail 8 agus 9 bearta sonracha le glacadh ag Comhaltaí EIS chun foréigean agus ciapadh ag an obair a chosc, lena n-áirítear trína cheangal ar fhostóirí bearta a dhéanamh ina leith sin.

26. Leagtar amach i gCaibidil V na forálacha maidir leis na bearta forfheidhmithe agus na leigheasanna is gá chun na beartais chosanta agus choisc thuasluaite a chur chun feidhme go cuí. Foráiltear i gCaibidil VI do bhearta tionlacain eile i bhfoirm treoraíochta, oiliúna agus múscailte feasachta.

27. I bhfianaise an mhéid sin, tagann príomhaidhm an Choinbhinsiúin faoi na cuspóirí atá le saothrú ag an Aontas faoi fhorálacha an Chonartha maidir le beartas sóisialta. Tá feabhsú na ndálaí oibre ar na cuspóirí a shainítear in Airteagal 151 CFAE. Ós rud é gur féidir le foréigean agus ciapadh ag an obair difear a dhéanamh do thimpeallacht shláintiúil oibre, tá an tAontas inniúil ar bhearta a ghlacadh chun iompar den sórt sin a shainmhíniú agus a thoirmeasc faoi Airteagal 153(1)(a) CFAE i dtaca le timpeallacht na hoibre a fheabhsú agus sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe a chosaint.

[37] Airteagail 7, 8, 9 agus 10 den Choinbhinsiún.



PUBLIC

28. Is féidir le hAirteagal 153(1)(a) CFAE na gnéithe uile de shainmhíniú leathan ar 'foréigean agus ciapadh', mar a leagtar amach faoin gCoinbhinsiún iad, a chuimsiú. Dá bhrí sin, gabhann sé an coincheap níos cúinge maidir le foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe ag an obair agus aon chineál eile ciaptha a dhéantar a fhorléiriú mar chineál idirdhealaithe.[38]
Tá inniúlachtaí breise ag an Aontas freisin, eadhon faoi Airteagal 153(1)(i), Airteagal 157(3) nó Airteagal 19 CFAE, a bhfuil raon feidhme níos sonraí agus níos teoranta acu, agus atá in ann ciapadh a fhorléirítear mar chineál idirdhealaithe a chumhdach.

PUBLIC

29. Is féidir a mheas go bhfuil tuilleadh inniúlachtaí Aontais ábhartha maidir le gnéithe coimhdeacha áirithe sa Choinbhinsiún. Mar shampla, cé nach gceanglaítear leis an Coinbhinsiún go mbeadh ciapadh i saol na hoibre ina shaintréith mar ábhar don dlí coiriúil, agus dá bhrí sin, nach mbeadh sé riachtanach inniúlachtaí Aontais a shainaithint ina leith sin, sa mhéid go bhféadfadh na bearta forfheidhmithe agus feabhais faoin gCoinbhinsiún a bheith bainteach i bprionsabal leis an dlí coiriúil, tá inniúlachtaí áirithe ag an Aontas maidir le cearta daoine aonair in imeachtaí coiriúla agus cearta íospartaigh coireachta.[39] Ar an gcaoi chéanna, cosnaítear, i bprionsabal, príobháideacht íospartaigh ciaptha faoi RGCS freisin.[40]
Cé go bhféadfadh inniúlachtaí Aontais den sórt sin a bheith ábhartha maidir le gnéithe coimhdeacha áirithe, ní fhreagraíonn siad do phríomhchuspóir an Choinbhinsiúin.

30. Dá bhrí sin, deimhnítear leis an anailís ar na príomhfhorálacha an tátal go dtagann ábhar an Choinbhinsiúin faoi inniúlacht an Aontais, agus go háirithe faoi Airteagal 153(1)(a) CFAE, agus go rannchuideodh sé le cuspóirí an Chonartha a bhaint amach.

31. Ina theannta sin, is fiú na barúlacha sonracha seo a leanas maidir leis na forálacha atá ábhartha don anailís inniúlachta a thabhairt ar aird.

---

[38] Maidir leis an ngaol idir ciapadh agus idirdhealú, féach Airteagal 6 den Choinbhinsiún agus mír 7 den réamhrá.

[39] E.g. Airteagal 82(2)(c) CFAE agus Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, IO L 315, 14.11.2012, lch. 57–73.

[40] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

*Raon pearsanta an Choinbhinsiúin*

32. Ar an gcéad dul síos, maidir leis an raon feidhme, tá teanga leathan in Airteagal 2 den Choinbhinsiún agus tagraíonn sé don chuspóir oibrithe agus daoine eile sa saol oibre a chosaint, lena n-áirítear '*daoine aonair a fheidhmíonn údarás, dualgais nó freagrachtaí fostóra*.' Dá bhrí sin, ní mór a mheas an dtéann an raon feidhme thar chosaint oibrithe amháin de réir bhrí fhorálacha an Chonartha maidir le beartas sóisialta.

33. Sa chomhthéacs sin, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir an fhoráil seo den Choinbhinsiún, ina dtagraítear do '*daoine aonair a fheidhmíonn údarás, dualgais nó freagrachtaí fostóra*', ar thaobh amháin, agus airteagail eile den Choinbhinsiún ina dtagraítear do 'fostóirí' mar dhaoine atá freagrach as foréigean agus ciapadh i saol na hoibre a chosc, seachas mar chatagóir daoine atá le cosaint ar ghníomhaíochtaí den sórt sin, ar an taobh eile. Is amhlaidh atá go háirithe i gceann de phríomhfhorálacha oibríochtúla an choinbhinsiúin seo, Airteagal 9, lena bhforchuirtear ar Chomhaltaí EIS an oibleagáid a cheangal ar 'fhostóirí' bearta iomchuí a dhéanamh chun foréigean agus ciapadh ag an obair a chosc.

34. Dá bhrí sin, measann an tSeirbhís Dlí nach dtuigtear '*daoine aonair a fheidhmíonn údarás, dualgais nó freagrachtaí fostóra*' a áireamh i raon feidhme chosaint an Choinbhinsiúin mar thagairt don 'fostóir', agus cumhdaítear leis daoine san ordlathas oibre a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ciaptha ar an mbealach céanna a ndéantar daoine aonair eile a chomhshamhlú le hoibrithe sa chiall is leithne. Dá bhrí sin, ní hionann an ghné sin agus ceist a chur i dtaobh inniúlacht Aontais a bheith ann.

*Cómhargáil*

35. Ar an dara dul síos, luaitear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún go n-áirítear sa Choinbhinsiún forálacha a thagann faoi inniúlacht na mBallstát maidir le '*cómhargáil*'.[41]

---

[41] Meabhrán Míniúcháin ón gCoimisiún, 5442/20, lch. 5, mír 2.2.



PUBLIC

36. Luaitear cómhargáil sa Choinbhinsiún faoi chuimsiú Airteagal 5 (Caibidil III maidir le croíphrionsabail an Choinbhinsiúin) agus faoi chuimsiú Airteagal 12 (Caibidil VII maidir leis na modhanna cur i bhfeidhm).

37. Luaitear in Airteagal 5 '*go ndéanfaidh gach Ballstát [a dhaingníonn EIS] na prionsabail bhunúsacha agus na cearta bunúsacha ag an obair a urramú, a chur chun cinn agus a chur i gcrích, eadhon saoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach don cheart chun cómhargála, gach cineál saothair éigeantais nó saothair éignithe a dhíothú, saothar leanaí a dhíothú go héifeachtach, agus an t-idirdhealú i ndáil le fostaíocht agus gairm a dhíothú chomh maith le hobair chuibhiúil a chur chun cinn*". (is linne an treise).

38. Cé go dtagraíonn an fhoráil seo don chómhargáil, níl ach luach clármatach aici i gcreat an Choinbhinsiúin, ní fhorchuireann sí oibleagáidí nithiúla ar chomhaltaí EIS, agus léirítear inti bunphrionsabail dhlí an Aontais.[42] Thairis sin, le Teideal X de CFAE maidir le beartas sóisialta tugtar inniúlachtaí sa réimse seo don Aontas. Ceanglaíonn reachtaíocht an Aontais atá ann cheana ar na Ballstáit idirphlé sóisialta a chur chun cinn idir na comhpháirtithe sóisialta i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe agus an chiaptha.[43]

39. Soiléirítear in Airteagal 12 go gcuirfear an Coinbhinsiún '*i bhfeidhm trí bhíthin dlíthe agus rialachán náisiúnta, agus trí chomhaontuithe comhchoiteanna nó bearta eile a bheidh comhsheasmhach leis an gcleachtas náisiúnta*' (aistriúchán neamhoifigiúil). Ós rud é gur stáit amháin atá ina gcomhaltaí de EIS, is léir an tagairt do dhlíthe, rialacháin agus cleachtais náisiúnta agus níl sí ábhartha maidir leis an anailís ar roinnt na hinniúlachta idir an tAontas agus a Bhallstáit.

40. I bhfianaise an mhéid sin, tá an tSeirbhís Dlí den tuairim nach de chineál na tagairtí don '*cómhargáil*' sa dá fhoráil sin den Choinbhinsiún lena n-eisiafaí inniúlacht an Aontais ina leith.

---

42 Maidir le cómhargáil, féach Airteagal 28 den Chairt um Chearta Bunúsacha. Tá na gnéithe eile d'Airteagal 5 den Choinbhinsiún faoi réir Airteagal 9 CFAE, nó faoi réir Airteagail 5, 12, 21 agus 32 den Chairt.

43 Féach, mar shampla, Airteagal 21 (maidir leis an idirphlé sóisialta) de Threoir 2006/54/CE an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú) IO L 204, 26.7.2006, lgh. 23–36.



PUBLIC

41. Ar na cúiseanna thuasluaite, is féidir a bhaint de thátal, i bhfianaise a rannchuidithe le cuspóirí an Aontais, go háirithe i réimse an bheartais shóisialta, go bhfuil inniúlacht ag an Aontas an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích.

## 2. <u>Cineál inniúlacht an Aontais Eorpaigh</u>

42. Tá cuid dá inniúlachtaí sna réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún feidhmithe cheana ag an Aontas trí reachtaíocht thánaisteach a ghlacadh. Mar a meabhraíodh thuas, ní mór an reachtaíocht sin a scrúdú trí bhíthin Airteagal 3(2) CFAE chun cineál inniúlacht sheachtrach an Aontais sna réimsí sin a chinneadh.

43. Glacadh roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais sna réimsí beartais a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún d'fhonn prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur chun feidhme.[44] <u>Ní leagtar síos sa reachtaíocht seo de chuid an Aontais ach caighdeáin íosta</u>[45], agus, dá bhrí sin, ní baolach go mbeidh tionchar ag an gCoinbhinsiún uirthi, ó leagtar caighdeáin íosta den sórt sin síos sa Choinbhinsiún freisin.

44. Forálacha a bhfuil anailís níos sonraí dlite ina leith sin, baineann siad leis an sainmhíniú ar chiapadh agus leis na bearta forfheidhmithe agus feabhais.

[44] I.e. Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle, IO L 180, 15.7.2010, lgh. 1-6; Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha (athmhúnlú) IO L 204, 26.7.2006, lgh. 23-36; Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha, IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22.

[45] Go háirithe, Treoir 2010/41/AE, aithris 23; Treoir 2006/54/CE, Airteagal 27; Treoir 2000/78/CE ón gComhairle, aithris 28 agus Airteagal 8.



PUBLIC

*Ciapadh a shainmhíniú agus a thoirmeasc*

45. I measc roinnt de ghníomhartha dlíthiúla ábhartha an Aontais, tá sainmhíniú ar 'ciapadh' mar a leanas: '*iompraíocht neamh-inmhianaithe a bhaineann le* [forais áirithe idirdhealaithe] *arb é is cuspóir nó is éifeacht di dínit duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó ionsaitheach a chruthú.*'[46]

46. De réir Airteagal 1 den Choinbhinsiún, tagraíonn 'an téarma "*foréigean agus ciapadh" i saol na hoibre do réimse iompraíochta agus cleachtas do-ghlactha, nó bagairtí iompraíochta agus cleachtas den sórt sin, gan beann ar an dtarlaíonn siad uair amháin nó athuair, an bhfuil sé mar aidhm acu nó mar thoradh orthu, nó an dóigh dóibh go mbeidh mar thoradh orthu, díobháil fhisiciúil, shíceolaíoch, ghnéasach nó eacnamaíoch a dhéanamh, lena n-áirítear foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe*'.[47] (Aistriúchán neamhoifigiúil)

47. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir sainmhíniú an Aontais agus sainmhíniú an Choinbhinsiúin ar bhonn dhá phríomhdhifríocht.

48. Ar an gcéad dul síos, i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, ní áirítear go sainráite sa choincheap 'ciapadh' foréigean mar chineál gníomhaíochta a cháilíonn mar chiapadh.[48] Is cosúil, áfach, maidir leis an 'iompraíocht agus na cleachtais, (...) *lena ndírítear ar dhíobháil fhisiciúil, shíceolaíoch, ghnéasach nó eacnamaíoch, nó a bhfuil an díobháil sin de thoradh orthu, nó ar dócha go mbeadh sí de thoradh orthu*' dá dtagraítear sa Choinbhinsiún, go gcomhfhreagraíonn siad do ghníomhartha arb é is '*cuspóir nó éifeacht dóibh dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó ionsaitheach a chruthú*'. (aistriúchán neamhoifigiúil) Dá bhrí sin, ní hionann an difríocht sin san fhoclaíocht agus difríocht shubstainteach idir na cineálacha gníomhaíochtaí a chumhdaítear.

---

46 Féach Treoir 2006/54/CE, Airteagal 2(1)(c); Treoir 2010/41/AE Airteagal 3(c); Treoir 2000/78/CE ón gComhairle, Airteagal 2(3).

47 Leanann Airteagal 1 den Choinbhinsiún mar a leanas: *'(b) ciallaíonn an téarma 'foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe' foréigean agus ciapadh a dhírítear ar dhaoine mar gheall ar a ngnéas nó a n-inscne, nó a dhéanann difear díréireach do dhaoine de ghnéas nó d'inscne áirithe, agus áirítear ann an gnéaschiapadh'*. (Aistriúchán neamhoifigiúil)

48 Cé nach ann do reachtaíocht an Aontais ná do thogra reachtach ón gCoimisiún maidir le 'foréigean' i saol na hoibre, tugtar aghaidh i roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais ar shaincheist an chiaptha i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha.



PUBLIC

49. Ar an dara dul síos, cé nach ndéantar tagairt sa sainmhíniú a thug an Coinbhinsiún ar 'foréigean agus ciapadh' do na forais ar a ndéantar an iompraíocht neamh-inmhianaithe sin, ní chumhdaíonn sainmhíniú an Aontais Eorpaigh ar 'ciapadh' ach iompraíochtaí a bhaineann le cúiseanna sonracha. Is é is cúis leis sin go bhfuil sainmhíniú an Aontais ar 'ciapadh' le fáil faoi láthair i ngníomhartha reachtacha ina ndírítear ar shaincheisteanna sonracha neamh-idirdhealaitheacha, mar a luaitear thuas i mír 43, agus tugann an Coinbhinsiún aghaidh ar chiapadh ó thaobh sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chosaint. De bharr gur cuireadh eilimint spreagthach i sainmhíniú an Aontais ar chiapadh, tá coincheap an chiaptha i reachtaíocht an Aontais níos teoranta, dá bhrí sin, ná coincheap 'foréigean agus ciapadh' sa Choinbhinsiún.

50. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 7 den Choinbhinsiún nach mór do na sainmhínithe a dhéanann Comhaltaí EIS ar 'foréigean agus ciapadh' a bheith i gcomhréir le sainmhíniú an Choinbhinsiúin in Airteagal 1, ach tá deis áirithe ag Comhaltaí EIS maidir leis an bhfoirmliú beacht ar an leibhéal náisiúnta.[49] Is amhlaidh atá i gcás na sainmhínithe ar 'ciapadh' i reachtaíocht an Aontais, rud a fhágann gur féidir leis na Ballstáit na sainmhínithe sin a chur chun feidhme ina gcórais dlí náisiúnta.

51. Ar an gcaoi chéanna, tá príomhfhorálacha oibríochtúla an Choinbhinsiúin, go háirithe Airteagal 8 agus Airteagal 9 de, fós cineálach go maith agus fágtar fíor-lamháil solúbthachta ag Comhaltaí EIS maidir leis an gcineál beart iomchuí a chinneann siad a chur i bhfeidhm chun an Coinbhinsiún a chomhlíonadh. Cé gur fheidhmigh an tAontas cuid dá chumhachtaí i ndáil le codanna den Choinbhinsiún trí ghlacadh na reachtaíochta a luaitear i mír 43 thuas, níl aon bhunús ann le baint de thátal go ndéanfadh an Coinbhinsiún difear do na rialacha sin.

52. Dá bhrí sin, níl riosca go ndéanfadh forálacha an Choinbhinsiúin maidir le 'foréigean agus ciapadh' a shainmhíniú agus a thoirmeasc difear do rialacha an Aontais atá ann cheana ná ní athraítear raon feidhme na bhforálacha sin de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE. Dá bhrí sin, cé go mbaintear feidhm as inniúlacht an Aontais maidir leis an méid thuas, ní féidir a mheas gur inniúlacht eisiach í.

---

[49] Foráiltear le hAirteagal 1(2) den Choinbhinsiún nach gá na sainmhínithe náisiúnta a bhunú ar an scaradh idir 'foréigean agus ciapadh' agus 'foréigean agus ciapadh inscnebhunaithe', rud a léiríonn nach bhfuil aon oibleagáid ann sainmhíniú an Choinbhinsiúin a mhacasamhlú ina théarmaí féin.



PUBLIC

*Forfheidhmiú agus bearta feabhais*

53. Baineann cuid de na forálacha in Airteagal 10 den Choinbhinsiún maidir le bearta agus leigheasanna forfheidhmiúcháin le réimsí inniúlachta neamhfheidhmithe de chuid an Aontais, amhail an ceart atá ag oibrithe timpeallacht oibre a fhágáil a bhfuil bonn réasúnach acu a chreidiúint go bhfuil garchontúirt agus contúirt thromchúiseach ann a bhaineann le foréigean agus ciapadh,[50] agus dualgais shonracha do chomhlachtaí náisiúnta maidir le foréigean agus ciapadh i saol na hoibre[51]. De réir an chásdlí thuasluaite, ní féidir a mheas go bhfuil inniúlacht an Aontais maidir leis na hábhair sin eisiach.

54. Baineann roinnt forálacha eile in Airteagal 10 le réimsí inar fheidhmigh an tAontas cuid dá inniúlachtaí cheana trí reachtaíocht ábhartha a ghlacadh, amhail an oibleagáid atá ar na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthe agus rialacháin náisiúnta agus iad a fhorfheidhmiú maidir le ciapadh i saol na hoibre agus a fhoráil go bhfuil

PUBLIC

50 Airteagal 10(g) den Choinbhinsiún.
51 Airteagal 10(h) den Choinbhinsiún.

sásraí sábháilte éifeachtach ag íospartaigh ,[52] an oibleagáid a áirithiú go mbeidh rochtain éasca ar leigheasanna agus nósanna imeachta éifeachtacha agus cosaint ar fhrithbheartaíocht[53] agus chun príobháideacht íospartach a chosaint.[54]

55. Sna réimsí sin, áfach, níl aon inniúlacht eisiach ag an Aontas, ós rud é nach bhfuil riosca ann go mbeadh tionchar ag an gCoinbhinsiún ar na rialacha comhchoiteanna a glacadh faoi théarmaí Airteagal 3(2) CFAE. Foráiltear le cuid de reachtaíocht ábhartha an Aontais do chearta bunúsacha nós imeachta, lena gceadaítear do na Ballstáit tuilleadh beart cosanta a choimeád nó a ghlacadh. I réimsí eile, go háirithe príobháideacht íospartach a chosaint, tá reachtaíocht an Aontais níos cuimsithí ach níl riosca ann go mbeadh tionchar ag na bearta atá le glacadh faoin gCoinbhinsiún uirthi, i bhfianaise na lamhála móire solúbthachta a fhágtar fós ag Comhaltaí EIS.

PUBLIC

---

52 Airteagal 10(a) agus (e) den Choinbhinsiún. Féach e.g. Treoir 2010/41/AE, Airteagal 11 agus Treoir 2006/54/CE, Teideal III Caibidil 2, lena dtugtar ról do na comhlachtaí comhionannais maidir le faireachán a dhéanamh ar dhlíthe náisiúnta; agus – go pointe áirithe – Treoir 2012/29/AE, Airteagail 8 agus 9, lena ndéileáiltear le gníomhaíochtaí sonracha a thacaíonn le híospartaigh coireachta le linn imeachtaí breithiúnacha.

53 Airteagal 10(b) den Choinbhinsiún, agus Airteagal 10(g) a mhéid a bhaineann le frithbheartaíocht. Tá an fhoráil sin ó EIS ag forluí go páirteach le reachtaíocht an Aontais a bhaineann le 'ciapadh' (de chineál an Aontais) san ionad oibre agus lena ndéantar foráil maidir le sásraí forfheidhmiúcháin sonracha (e.g. Treoir 2010/41/AE, Airteagal 10; Treoir 2006/54/CE, Teideal III Caibidil 1). Ina theannta sin, tá Treoir 2012/29/AE, lena ndeonaítear cearta bunúsacha nós imeachta d'íospartaigh coireachta, ábhartha d'íospartaigh na n-iompar sin a thagann faoin sainmhíniú (cineál EIS) ar 'foréigean agus ciapadh' i saol na hoibre agus a shainaithnítear ar an leibhéal náisiúnta mar iompar coiriúil. Foráiltear i reachtaíocht sin an Aontais do chearta bunúsacha nós imeachta, coimeádtar foclaíocht sách ginearálta léi agus fágtar lamháil mhór solúbthachta ag na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm na rialacha. Ina theannta sin, is caighdeáin íosta atá sna cearta sin uile, agus tá sé de shaoirse ag na Ballstáit níos mó beart cosantach a choimeád nó a ghlacadh.

54 Airteagal 10(c) den Choinbhinsiún. Na codanna d'Airteagal 10(c) ina dtagraítear do 'príobháideacht' daoine aonair, tá forluí eatarthu le Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS) sa mhéid go ndéantar próiseáil ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann le heipeasóid foréigin agus ciaptha mar a shainmhínítear sa ghníomh dlí seo. Cé go bhfuil na rialacha RGCS an-chuimsitheach, tá Airteagal 10(c) den Choinbhinsiún teoranta d'oibleagáid chosanta ghinearálta, agus ní léirítear aon rialacha mionsonraithe sonracha. Dá bhrí sin, fágann Airteagal 10(c) lamháil shuntasach solúbthachta ag Comhaltaí EIS maidir leis na gníomhaíochtaí beachta a bheidh le déanamh i ndáil leis sin, agus tá sé ag teacht le haidhm agus le hinneachar RGCS. Ina theannta sin, tugtar faoi deara go gceadaítear go sainráite le RGCS do na Ballstáit rialacha sonracha a leagan síos maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na fostaíochta (Airteagal 88).

56. Dá bhrí sin, níl riosca ann go ndéanfadh na bearta forfheidhmithe agus na bearta feabhais a fhreagraíonn d'fhorálacha oibríochtúla an Choinbhinsiúin difear do rialacha an Aontais atá ann cheana ná ní athraítear raon feidhme na mbeart sin de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas gur inniúlacht eisiach í inniúlacht an Aontais maidir leis an méid thuas, cé go bhfeidhmítear go páirteach í.

PUBLIC

## C. TORADH NA hANAILÍSE AR INNIÚLACHTAÍ

57. I bhfianaise na hanailíse thuas, is féidir leis an inniúlacht, a thugtar don Aontas leis na Conarthaí, an Coinbhinsiún ina iomláine a chumhdach, ach, ós rud é go leagtar caighdeáin íosta síos le rialacha an Aontais atá ann cheana agus le forálacha an Choinbhinsiúin araon, níl riosca ann go ndéanfadh an Coinbhinsiún difear do rialacha an Aontais atá ann cheana ná ní athraítear a raon feidhme, agus, dá bhrí sin, ní féidir aon inniúlacht eisiach de chuid an Aontais a shainaithint i ndáil le haon cheann d'fhorálacha an Choinbhinsiúin seo.

## IV. ROGHANNA DLÍ CHUN AN COINBHINSIÚN A DHAINGNIÚ

58. Ós rud é go léirítear san anailís go bhfuil an Coinbhinsiún ina iomláine cumhdaithe ag inniúlacht chomhroinnte – i.e. inniúlacht neamheisiach an Aontais, tá bealaí éagsúla chun cinn ar fáil go dleathach lena dhaingniú ag na Ballstáit.[55]

59. Mar a mhínítear i mír 15 thuas, is ceist rogha pholaitiúil don Chomhairle cibé a fheidhmeofar nó nach bhfeidhmeofar inniúlacht fhéideartha an Aontais, agus a mhéid a bhainfidh sé leas aisti.[56]

60. Ag brath ar an rogha a dhéanfar, d'fhéadfaí trí rogha a bheartú:

a) comhaontú de chuid an Aontais Eorpaigh amháin: féadfaidh feidhmiú na n-inniúlachtaí ag an Aontas amháin a bheith ag baint le daingniú an Choinbhinsiúin

b) meascacht: go ndéanfadh an tAontas, seachas a Bhallstáit, na hinniúlachtaí ábhartha a fheidhmiú go páirteach

---

[55] Meabhraítear nach féidir leis an Aontas an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích as féin, mar a mhínítear i mír 8 thuas.

[56] Féach Tuairim JUR in 5591/21. Féach, *inter alia*, breithiúnas OTIF, C-600/14, a luaitear thuas, mír 68.

c) gan rannpháirtíocht ón Aontas: na Ballstáit ag gníomhú ina n-aonar agus a n-oibleagáidí faoi na Conarthaí agus faoi *acquis* an Aontais á n-urramú acu (i gcomhréir le hAirteagal 4(3) CAE).[57]

61. Sula ndéanfar tuilleadh anailíse ar na roghanna sin, ní mór roinnt réamhbharúlacha a thabhairt.

62. Ar an gcéad dul síos, ós rud é nach féidir leis an Aontas féin a bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún sin (féach mír 8 thuas), má chinneann an Chomhairle na hinniúlachtaí féideartha sin ar fad de chuid an Aontais a bhaineann leis an gCoinbhinsiún, nó roinnt díobh, a fheidhmiú, is éard a bheadh san ionstraim dlí lena ndéanfaí an méid sin cinneadh ón gComhairle lena n-údarófaí do na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú (ina iomláine nó i bpáirt) chun leas an Aontais.[58]

63. Is é Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE an bunús dlí nós imeachta a bheadh ag cinneadh den sórt sin ón gComhairle. Níor mhór a bhunús dlí substainteach a shainaithint de réir an réimse ina bhfeidhmítear inniúlacht an Aontais.

64. Maidir leis an méid sin, tá sé ráite go comhsheasmhach ag an gCúirt '*pé bunús a roghnaítear mar bhunús dlí do ghníomh de chuid an Aontais, lena n-áirítear gníomh a ghlactar chun comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, ní mór dó a bheith bunaithe ar thosca oibiachtúla ar féidir iad a athbhreithniú go breithiúnach, lena n-áirítear aidhm agus ábhar an bhirt sin*.'[59] (aistriúchán neamhoifigiúil) Thagair sí do thástáil '*na gcuspóirí agus na gcomhpháirteanna is coitianta*' (dá ngairtear freisin an tástáil phríomhachta), a fhágann, i gcás ina mbíonn roinnt comhpháirteanna sa chinneadh ón gComhairle nó a saothraítear tacar cuspóirí ann, '*nach mór an riail vótála is infheidhme chun é a ghlacadh a chinneadh i bhfianaise príomhchuspóir nó príomh-chomhpháirt an chinnidh.*'[60] (aistriúchán neamhoifigiúil)

---

57 Chun míniú mionsonraithe a fháil ar chineál na gcomhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas (an tAontas as féin seachas comhaontú measctha), féach Tuairim JUR in 12866/19.

58 Tuairim JUR in 15370/14, míreanna 12 agus 19.

59 Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, mír 284.

60 Mar shampla: breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Chomhairle (Comhaontú leis an gCasacstáin)*, C-244/17, EU:C:2018:662, míreanna 37 agus 38.



PUBLIC

65. Thairis sin, de réir an chásdlí, '[g]o heisceachtúil*, má shuitear, áfach, go bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú go comhuaineach sa ghníomh, nó go bhfuil roinnt comhpháirteanna ann a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile gan ceann amháin a bheith teagmhasach leis an gceann eile, agus a fhágann go mbeidh forálacha éagsúla na gConarthaí infheidhme, ní mór an beart sin a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla. (...) Maidir le comhaontú idirnáisiúnta, go háirithe, ina saothraítear roinnt cuspóirí nó ina bhfuil roinnt comhpháirteanna, ní mór, dá bhrí sin, a fhiorú an cuid bhreise iad forálacha an chomhaontaithe sin, ina bhfuil cuspóir á shaothrú nó atá ina gcomhpháirt den chomhaontú sin, atá riachtanach chun éifeachtacht fhorálacha na gcomhaontuithe sin ina bhfuil críocha eile á saothrú nó ar comhpháirteanna eile iad nó a áirithiú, nó an é go bhfuil "a raon feidhme fíor-theoranta" (...).* (Aistriúchán neamhoifigiúil) *(...) Ina theannta sin, áirítear líon na bhforálacha a thugtar don ghníomh – i gcomparáid le forálacha an ghnímh ina n-iomláine gona gcineál gona raon feidhme – ar na critéir lena bhféadfar cineál teagmhasach cuspóir gnímh nó comhpháirt gnímh a chinneadh.* (Aistriúchán neamhoifigiúil) *(...) Mar sin féin, ní ceadmhach dul i muinín débhunús dlí i gcás nach mbíonn na nósanna imeachta a leagtar síos do gach bunús dlí ag luí le chéile'.*[61] (Aistriúchán neamhoifigiúil)

66. Dá bharr sin, i gcás ina mbaineann gníomh le réimsí éagsúla inniúlachta, ní léireofar sa bhunús substaintiúil dlí ar a mbraitheann glacadh an ghnímh na réimsí inniúlachta go léir a fheidhmítear chun an gníomh sin a ghlacadh; ní léirítear ach na réimsí sin a chomhfhreagraíonn dá phríomhchuspóir(í) nó dá phríomh-chomhpháirt(eanna).[62] D'fhéadfadh sé dá bhrí sin – i dtaca leis an gcinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích – go n-athródh buthal an chinnidh ag brath ar na hinniúlachtaí a chinneann an Chomhairle a fheidhmiú don Aontas,[63] agus go mbeadh iarmhairt aige sin ar na bunúis dlí shubstainteacha is infheidhme.

PUBLIC

---

[61] Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, míreanna 285-288.

[62] Féach, mar shampla, Tuairim an 30 Samhain 2009, *GATS*, 1/08, AE:C:2009:739, mír 166; *An Coimisiún v an Chomhairle*, C-244/17, a luadh thuas, míreanna 45-46; Breithiúnas an 26 Iúil 2017, *PNR AE-Ceanada,* 1/15, AE:C:2017:592, míreanna 90-94.

[63] Mar a shoiléirítear i mír 15 thuas, níl sé d'oibleagáid ar an Aontas a inniúlacht ionchasach a fheidhmiú.

67. Ar an dara dul síos, maidir leis na héifeachtaí dlíthiúla a bhíonn ag cinneadh den sórt sin ón gComhairle, tugtar faoi deara, de bhun Airteagal 288 CFAE, go mbeidh cinneadh '*ina cheangal go huile agus go hiomlán*'. Dá bhrí sin, is ionstraim cheangailteach é cinneadh den sórt sin ón gComhairle, murab ionann agus na conclúidí ón gComhairle nó moltaí ón gCoimisiún ina gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le daingniú. Thairis sin, ós rud é go n-údarófaí do na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú chun leas an Aontais, cumhdaítear leis sin an tAontas Eorpach ina iomláine. Thairis sin, ceanglaíonn prionsabal an chomhair dhílis arna bhunú in Airteagal 4(3) CAE ar na Ballstáit *'aon bheart ginearálta nó leithleach is iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a eascraíonn as na Conarthaí nó a thig as gníomhartha de chuid institiúidí an Aontais'.* (Aistriúchán neamhoifigiúil) Shoiléirigh an Chúirt nach mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth, i dtabhairt i gcrích agus i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí a ndeachthas ina mbun.[64] Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás nach féidir leis an Aontas Eorpach Coinbhinsiún a dhaingniú as a stuaim féin, agus nach féidir leis, dá bhrí sin, a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú ach trí mheán na mBallstát ag gníomhú go comhpháirteach dóibh.[65] Dá réir sin, dá gcinnfeadh an Chomhairle inniúlacht Aontais a fheidhmiú, bheadh sé de cheangal ar na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú chun leas an Aontais.

PUBLIC

---

[64] Féach Tuairim *ILO*, 2/91, a luadh thuas, mír 36; féach freisin Tuairim *GATS*, 1/08, a luadh thuas, mír 136; Breithiúnas an 6 Nollaig 2001, *Prótacal Cartagena*, 2/00, AE:C:2001:664, mír 18; Tuairim *Comhaontú EDT*, 1/94, a luadh thuas, mír 108; breithiúnas an 20 Aibreán 2010, *An Coimisiún v. An tSualainn* C-246/07, AE:C:2010:203, mír 73 agus Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, mír 248.

[65] Tuairim *ILO*, 2/91, a luadh thuas, mír 5.

## D. CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE LENA nÚDARAÍTEAR DO NA BALLSTÁIT IOMLÁN AN CHOINBHINSIÚIN A DHAINGNIÚ CHUN LEAS AN AONTAIS

68. D'fhéadfadh an Chomhairle a chinneadh inniúlacht sheachtrach an Aontais a fheidhmiú ina iomláine agus, ar an gcaoi sin, cinneadh ón gComhairle a ghlacadh lena n-údarófar do na Ballstáit an Coinbhinsiún ina iomláine a dhaingniú chun leas an Aontais.[66]

69. Bheadh comhaontú an Aontais amháin i gceist leis an rogha seo. Bheadh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit faoi dhlí an Aontais an Coinbhinsiún a dhaingniú chun leas an Aontais.

70. Dá roghnódh an Chomhairle an rogha sin, chaithfí an dréacht-Chinneadh ón gComhairle, mar a pléadh go deireanach ar leibhéal Coreper[67] é, a mhodhnú:

- ar an gcéad dul síos, chaithfí an tagairt nach mbaineann an cinneadh ach le 'codanna' den Choinbhinsiún a scriosadh;
- ansin, níor mhór an bunús dlí substainteach a choigeartú. Mar a luaitear i mír 65 thuas, soiléirítear sa chásdlí nach mór rogha an bhunúis dlí do ghníomh dlí de chuid an Aontais a bheith bunaithe go háirithe ar aidhm agus inneachar an ghnímh. I gcás cinneadh ón gComhairle lena gcumhdaítear an Coinbhinsiún ina iomláine, ní mór téacs iomlán an chomhaontaithe idirnáisiúnta seo a chur san áireamh i ndáil leis sin.

---

[66] I *Weddell Sea*, soiléiríonn an Chúirt an méid seo a leanas: *'(...) ní leor gníomhaíocht idirnáisiúnta an* [Aontais] *a chuimsiú faoi inniúlacht a roinntear idir é agus na Ballstáit chun nach féidir teacht ar an tromlach riachtanach laistigh den Chomhairle chun go bhféadfadh* [an tAontas] *gan aon inniúlacht sheachtrach eile a fheidhmiú ach an inniúlacht sheachtrach sin'* (Breithiúnas C-626/15 agus C-659/16, a luaitear thuas, mír 126 agus an cásdlí a luaitear ann). (Aistriúchán neamhoifigiúil) Féach freisin tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, mír 248.

[67] 6533/20.



PUBLIC

71. Bunaithe ar anailís an Choinbhinsiúin mar a achoimrítear i Roinn III.B thuas, meastar gurb é is príomhaidhm agus cuspóir don chomhaontú idirnáisiúnta seo an timpeallacht oibre a fheabhsú agus sláinte agus sábháilteacht a chosaint i saol na hoibre. Ós rud é nach bhfuil san fhoréigean inscnebhunaithe agus sa chiapadh inscnebhunaithe ach fochatagóir de na hiompraíochtaí a thoirmisctear faoin gCoinbhinsiún, ní hionann aitheantas a thabhairt dó mar chineál amháin foréigin agus ciaptha ag an obair agus a chinneadh gur leis an idirdhealú inscnebhunaithe a bhaineann príomhaidhm agus príomhchuspóir an Choinbhinsiúin.

72. I bhfianaise na bparaiméadar a shainaithnítear sa chásdlí, measann an tSeirbhís Dlí, dá bhrí sin, gurb é Airteagal 153(2)(b) i gcomhar le hAirteagal 153(1)(a) CFAE maidir leis an timpeallacht oibre a fheabhsú agus sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint an bunús dlí substainteach iomchuí le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún iomlán a dhaingniú chun leas an Aontais, in éineacht le hAirteagal 218(6)(a)(v) CFAE mar bhunús dlí nós imeachta. Is trí thromlach cáilithe a bheadh an riail vótála maidir le cinneadh den sórt sin ón gComhairle.[68]

## E. CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE LENA nÚDARAÍTEAR DO NA BALLSTÁIT CODANNA DEN CHOINBHINSIÚN A DHAINGNIÚ CHUN LEAS AN AONTAIS

73. Is é an rogha atá ag an Aontas a inniúlacht fhéideartha a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a fheidhmiú go páirteach an rogha a mhol an Coimisiún ar dtús agus a pléadh go deireanach ar leibhéal Coreper.

74. Tugann an cur chuige sin le tuiscint go n-aithneofaí leis an gcinneadh ón gComhairle forálacha an Choinbhinsiúin a bhfuil sé ar intinn ag an Aontas a inniúlacht a fheidhmiú ina leith.

---

68 De bhua Airteagal 218(8) CFAE (maidir leis na rialacha vótála is infheidhme do nósanna imeachta arna ndéanamh faoi Airteagal 218 CFAE) agus Airteagal 153(2) CFAE i gcomhar le hAirteagal 153(1)(a) CFAE (bunús dlí substaintiúil an chinnidh ón gComhairle), agus faoi réir ag an gCoimisiún ag glacadh leis go ndéanfar a thogra a leasú dá réir, féach Airteagal 293(1) CFAE.



PUBLIC

75. Leis an dréacht-téacs atá á phlé sa Chomhairle faoi láthair, údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú '*i gcás na gcodanna a chuimsítear faoin inniúlacht a thugtar don Aontas Eorpach in Airteagal 153(2) agus in Airteagal 153(1)(a) agus (i) CFAE*'.[69] Ní dhéantar forálacha (nó codanna díobh) an Choinbhinsiúin a shainaithint a ndéanfadh an tAontas a inniúlacht a fheidhmiú ina leith, ná ní shonraítear iad sa togra ón gCoimisiún. Ina theannta sin, mar a leagtar amach thuas, cumhdaítear sna hinniúlachtaí Aontais atá in Airteagal 153(1)(a) CFAE buthal an Choinbhinsiúin. Cuimsítear ansin na bunúis dlí eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun bearta aonair Aontais ar leith a ghlacadh maidir le cuid de ghnéithe an Choinbhinsiúin atá teagmhasach nó an-teoranta ó thaobh raon feidhme de.

Ós amhlaidh atá, sa riocht a bhfuil sé faoi láthair, d'fhágfadh an cinneadh ón gComhairle roinnt éiginnteachta maidir leis an méid a bhfeidhmeofaí inniúlacht an Aontais i ndáil leis an gCoinbhinsiún. Go háirithe, ní léir an lú a bheadh i gceist le daingniú den sórt sin ar chodanna den Choinbhinsiún chun leas an Aontais ná a bheadh le daingniú an Choinbhinsiúin ina iomláine mar a pléadh faoi rogha A thuas. D'fhágfadh na bunúis dlí shubstainteacha atá beartaithe (i.e. Airteagail 153(2) agus 153(1) (a) agus (i) CFAE) glacadh an chinnidh ábhartha ón gComhairle faoi réir vótáil trí thromlach cáilithe.

76. De rogha mhalartach fhéideartha air sin, d'fhéadfaí inniúlachtaí an Aontais a shonrú ar bhealach níos cruinne sa dréachtchinneadh ar trína mbíthin a údaraíonn an Chomhairle do na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú chun leas an Aontais. Na hinniúlachtaí sin a bhfuil sé i gceist ag an Aontas iad a fheidhmiú, is cinneadh beartais é. D'fhéadfadh roghanna éagsúla a bheith i gceist, lena n-áirítear mar shampla údarú atá teoranta sa mhéid is gur feidhmíodh inniúlachtaí an Aontais go hinmheánach cheana féin. Ní féidir an bunús dlí cuí a aithint chun an cinneadh ón gComhairle a ghlacadh nó go ndéantar cinneadh beartais den sórt sin maidir leis na hinniúlachtaí ábhartha.

77. Gan beann ar an gcaoi a ndéantar cineál páirteach an fheidhmithe a dhéantar ar inniúlacht an Aontais a shainaithint, is léir ó aon tagairt shainráite sa chinneadh ón gComhairle <u>do chodanna den Choinbhinsiún</u> gur <u>comhaontú measctha</u> atá i gceist leis an gcinneadh sin ón gComhairle. Ós rud é nach gcumhdófar an Coinbhinsiún ar fad le daingniú an Aontais, táthar ag iarraidh ar na Ballstáit na codanna eile a chumhdach faoina n-inniúlachtaí náisiúnta féin.

[69] 6533/20.



PUBLIC

78. De bhun chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, is den ríthábhacht é dlúthchomhar a áirithiú idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais i réimse ina bhfuil inniúlacht mheasctha. I gcás den sórt sin, tharlódh gur mhian leis an gComhairle a fháil amach go bhfuil na Ballstáit ar aon fhocal a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún i réimsí nach gcumhdaítear leis an gcinneadh ón gComhairle.

79. I ndáil leis sin, i bhfianaise Thuairim 1/19 a thug an Chúirt le déanaí maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl, ní féidir leis an gComhairle, mar réamhriachtanas, céim eile a chur leis an nós imeachta um thabhairt i gcrích a leagtar síos in Airteagal 218 CFAE trí ghlacadh a chinnidh lena ndéantar comhaontú measctha a thabhairt i gcrích a bheith ag brath ar 'comhthoil' a bhunú roimh ré. Mar sin féin, cuimsítear é mar chuid den discréid pholaitiúil atá ag an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an bplé go dtí go mbeidh 'comhthoil' na mBallstát ann a bheith faoi cheangal ag comhaontú sna réimsí a chuimsítear faoina n-inniúlachtaí. Ní mór an discréid pholaitiúil sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 218 CFAE. Is é sin le rá, féadfaidh an Chomhairle dul ar aghaidh le vótáil nuair a chomhlíonfar na coinníollacha nós imeachta uile, i gcomhréir, faoi seach, leis na rialacha vótála is infheidhme maidir le cinntí nós imeachta agus leis na rialacha sin a bhfuil feidhm acu maidir le hábhar an chomhaontaithe.[70]

80. I bhfianaise an mhéid sin, níl cosc ar an gComhairle comhaontú na mBallstát a lorg a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún sna réimsí nach gcumhdaítear leis an gcinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích chun leas an Aontais, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i dTuairim na Cúirte maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl.

[70] Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, míreanna 253-255. Chun anailís níos mionsonraithe a fháil, féach freisin Tuairim JUR in 13800/21, go háirithe míreanna 5 go 13, agus mír 28 de maidir leis an gcomhthoil.

## F. GAN CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

81. D'fhéadfadh an Chomhairle a aithint nach bhfuil an tromlach[71] riachtanach laistigh den Chomhairle chun leanúint le cinneadh a ghlacadh lena n-údaraítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú, ina iomláine nó i bpáirt, chun leas an Aontais.

82. Ós rud é nach bhfuil aon inniúlacht eisiach an Aontais i gceist leis an gCoinbhinsiún, in éagmais cinneadh ón gComhairle inniúlacht an Aontais a fheidhmiú i ndáil leis an gCoinbhinsiún, tá na Ballstáit fós inniúil ar ghníomhú agus ar a chinneadh an Coinbhinsiún a dhaingniú nó gan é a dhaingniú agus a n-oibleagáidí faoi na Conarthaí agus faoi *acquis* an Aontais á n-urramú acu.

83. Ní mór a chur san áireamh, áfach, gur mhol an Coimisiún an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích chun leas an Aontais, agus go bhfuil na Ballstáit, de réir chásdlí na Cúirte, faoi réir dualgas speisialta gníomhaíochta agus staonta ó vótáil i gcás inar chuir an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle, ar tograí iad, cé nár ghlac an Chomhairle tograí den sórt sin, arb ionann iad agus an túsphointe do ghníomhaíocht chomhbheartaithe de chuid an Aontais, i gcomhréir le hoibleagáid ghinearálta an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) CAE.[72]

---

[71] Nó aontoilíocht i gcás ina n-éilíonn an bunús dlí substainteach ábhartha aontoilíocht.

[72] Breithiúnas *An Coimisiún v an tSualainn*, C-246/07, a luadh thuas, míreanna 73-74.



PUBLIC

84. Má tharlaíonn gur léir nach mbainfear amach laistigh den Chomhairle an tacaíocht is gá chun cinneadh a ghlacadh de bhun rogha A nó rogha B thuas[73], d'fhéadfaí an staid dhlíthiúil a shoiléiriú ar na bealaí seo a leanas: (i) d'fhéadfadh an Coimisiún a thogra a tharraingt siar, nó (ii) d'fhéadfadh an Chomhairle dul ar aghaidh le vóta foirmiúil, i gcás nach bhféadfaí an tacaíocht riachtanach a aimsiú, lena léireofaí go raibh na céimeanna nós imeachta uile ídithe d'fhonn an cinneadh atá beartaithe a ghlacadh[74], nó (iii) d'fhéadfadh an Chomhairle dul ar aghaidh agus vóta táscach a iarraidh ag cruinniú Coreper agus an easpa tacaíochta do thogra an Choimisiúin a thabhairt ar aird trí ráiteas a fhormheas le cur ina chuid miontuairiscí ina ndéarfaí go dtugann an Chomhairle dá haire nach féidir teacht ar an tromlach is gá d'fhonn an cinneadh ón gComhairle atá beartaithe, lena gceadaítear do na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú chun leas an Aontais, a ghlacadh.[75]

PUBLIC

85. Sa chás sin, is féidir fós gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun na Ballstáit a spreagadh leis an gCoinbhinsiún a dhaingniú. Go háirithe, d'fhéadfadh an Coimisiún moladh a ghlacadh maidir le daingniú an Choinbhinsiúin seo, mar a rinneadh roimhe seo (mar shampla maidir le Coinbhinsiún Uimh. 182 EIS maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí a Thoirmeasc).[76] Ina theannta sin, d'fhéadfaí conclúidí ón gComhairle, ina leagfaí béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú, a bheartú.

---

[73] Breithiúnas *Weddell Sea,* Cásanna Uamtha C-626/15 agus C-659/16, a luadh thuas, mír 126; breithiúnas *OTIF*, C-600/14, thuasluaite, mír 68; Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, mír 250.

[74] Bheadh toiliú Pharlaimint na hEorpa ag teastáil ar dtús chun vóta foirmiúil a chaitheamh maidir leis an gcinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit daingniú a dhéanamh chun leas an Aontais.

[75] N.B. i gcásanna inchomparáide a tharla roimhe seo, ba é an socrú a bhíodh ann le 'diúltú' don togra ón gCoimisiún nóta ó Coreper inar moladh don Chomhairle gan tuilleadh oibre a dhéanamh ar an togra ón gCoimisiún (e.g. 13605/13, pointe 23; 7409/14; 12706/16). Mar sin féin, ag eascairt as Tuairim *Coinbhinsiún Iostanbúl*, 1/19, a luadh thuas, is inmholta scor den chleachtas sin agus, ina ionad sin, dul ar aghaidh le vótáil fhoirmiúil nó ráiteas a ghlacadh le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle á thabhairt ar aird go bhfuil an tromlach cáilithe is gá in easnamh (féach 13411/21 maidir le sampla a chonacthas le déanaí chun ráiteas den sórt sin a ghlacadh).

[76] Moladh 2000/581/CE ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2000 maidir le daingniú Choinbhinsiún Uimh. 182 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) Uimh. 182 an 17 Meitheamh 1999 maidir leis na Cineálacha is measa de Shaothar Leanaí a Thoirmeasc agus le Beart Láithreach chun iad a Dhíchur (a dtugtar fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2000) 2674); IO L 243, 28.9.2000, lch. 41.

## V. CONCLÚID

86. Is é seo a leanas tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle:

a) cumhdaítear Coinbhinsiún iomlán EIS le hinniúlacht chomhroinnte neamheisiach an Aontais, agus is féidir leis an gComhairle a chinneadh dá bhrí sin cibé acu a fheidhmeoidh nó nach bhfeidhmeoidh – agus a mhéid a fheidhmeoidh – an tAontas inniúlacht ionchasach an Aontais;

b) tá bealaí éagsúla ann ó thaobh dlí de chun dul chun cinn a dhéanamh ar mhaithe le Coinbhinsiún EIS a dhaingniú, eadhon:

i) 'Comhaontú AE amháin' trí dhaingniú an Choinbhinsiúin ina iomláine ag gach Ballstát chun leas an Aontais;

ii) comhaontú measctha trí Choinbhinsiún EIS a dhaingniú ag na Ballstáit go léir i bpáirt chun leas an Aontais a mhéid a bhaineann le hinniúlacht an Aontais agus i bpáirt mar ábhar a bhaineann lena n-inniúlacht náisiúnta féin; sa chás sin, ba cheart soiléiriú níos fearr a thabhairt sa chinneadh ón gComhairle ar a mhéid a fheidhmítear inniúlacht an Aontais; nó

iii) daingniú gan inniúlacht an Aontais a fheidhmiú, agus gur faoi na Ballstáit a bheadh sé breithniú a dhéanamh ar dhaingniú Choinbhinsiún EIS mar ábhar a bhaineann lena n-inniúlacht náisiúnta féin.

PUBLIC